Institiúid Oideachais DCU

Scoil na Teanga, na Litearthachta agus Oideachas Luath-óige

Post mar Léachtóir san Oideachas (Teagasc na Gaeilge)

1 phost buan amháin agus 1 phost amháin ar chonradh 3 bliana

Cúlra

Tá próiseas foirmeálta ar siúl faoi láthair idir Coláiste Phádraig, Droim Conrach (CPDC), Institiúid Oideachais Mater Dei (IOMD), Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann (COEÉ) agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) a fhágfaidh go ndéanfar CPDC, IOMD agus COEÉ a ionchorprú go hiomlán in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus go gcruthófar aonán amháin ollscoile. Eascróidh dhá fhoras mhóra as próiseas an Chláir Ionchorpraithe seo:

1. Institiúid Oideachais DCU (an chéad Dámh Oideachais in ollscoil in Éirinn) agus
2. Dámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, dámh mhéadaithe bhreisithe.

Cuirfear Clár Ionchorpraithe OCBÁC i gcrích i mí Mheán Fómhair 2016, agus beidh foireann agus mic léinn CPDC, IOMD agus COEÉ mar bhaill d'OCBÁC.

Réamhrá

Ó mhí Mheán Fómhair 2016 ar aghaidh, tiocfaidh foirne acadúla ó Scoil Léann an Oideachais DCU, Roinn an Oideachais i CPDC, Institiúid Oideachais Mater Dei agus Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, tiocfaidh siad le chéile mar Institiúid Oideachais DCU, an t-ionad barr feabhais is mó in Éirinn in earnáil an oideachais; cuirfear cláir léinn ar fáil a ullmhóidh múinteoirí agus oideoirí do na leibhéil oideachais uile: oideachas luath-óige, bunoideachas, iarbhunoideachas, oideachas tríú leibhéal agus breisoideachas.

Ó mhí Mheán Fómhair ar aghaidh, beidh Institiúid Oideachais DCU lonnaithe i bhfoirgneamh saintógtha, úrscothach, ar caitheadh €70 milliún air, ar Champas Choláiste Phádraig, áit a mbeidh mic léinn ag obair, i dtimpeallacht idirghníomhach spreagúil, le hoideoirí ar ceannairí ina réimsí iad.

Clár Teagaisc

Cuireann Institiúid Oideachais DCU cláir léinn ar fáil a ullmhaíonn múinteoirí agus oideoirí do na leibhéil oideachais uile: oideachas luath-óige, bunoideachas, iarbhunoideachas, oideachas tríú leibhéal agus breisoideachas.

Mar aon le croí-réimsí na hOiliúna Tosaigh Múinteoirí, cuirtear cláir léinn ar fáil san oideachas agus san oiliúint iaréigeantach, ag leibhéil fochéime, iarchéime agus Dochtúireachta. Tá sé i gceist freisin forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil dóibh siúd i gcoitinne atá ag obair i gcontanam an oideachais.

Bíonn deis ag mic léinn Institiúid Oideachais DCU bheith ag obair go dlúth le saineolaithe atá aitheanta go hidirnáisiúnta maidir le foghlaim agus teagasc, i dtimpeallacht nuálach atá in oiriúint don fhoghlaim san 21ú haois.

Léachtóir san Oideachas (Teagasc na Gaeilge)

Tá sé i gceist ag Scoil na Teanga, na Litearthachta agus Oideachas Luath-óige Léachtóir a cheapadh le dul ag obair mar chuid d'fhoireann Theagasc na Gaeilge.

Tugtar achoimre thíos ar na freagrachtaí a bhaineann leis an bpost seo. Mar aon leo seo, beifear ag súil go gcuirfidh an té a cheapfar leis an teagasc i réimsí eile den Oideachas (faoi stiúir Cheann na Scoile) anuas ar na sainréimsí, agus go gcuirfidh sé/ sí le hobair Institiúid Oideachais DCU i gcoitinne.

An tIarrthóir Rathúil

Tá an Scoil ag lorg iarrthóra le cúlra láidir i dTeagasc na Gaeilge agus i gcomhthéacsanna bunoideachais /iarbhunoideachais nó eile. Ba chóir go mbeadh ar a laghad trí bliana de thaithí chuí ag an iarrthóir.

Beidh saineolas ag an té a cheapfar ar Theagasc na Gaeilge agus ar Theagasc trí Ghaeilge ag an mbunleibhéal. Is gá d'iarrthóirí saineolas a bheith acu ar Churaclam na Gaeilge (Bunscoil), taithí blianta a bheith acu ag múineadh, mar aon le hardchumas sa Ghaeilge agus suim dhearfa i múineadh na teanga sin. Tá gá le cáilíocht iarchéime agus bheadh sé inmhianaithe í seo a bheith ag leibhéal Dochtúireachta.

Léireoidh an duine a cheapfar saineolas ar an tumoideachas agus ar ábhair eile a mhúineadh trí Ghaeilge (Foghlaim Chomhthaite Ábhar agus Teanga). Beidh taithí in oideachas do mhúinteoirí ag an tríú leibhéal nó ag leibhéal inseirbhíse an-inmhianaithe Beidh scileanna maithe ag an té a cheapfar in úsáid ICT (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide)

Maidir leis an té a cheapfar, beifear ag súil go gcuirfidh sé/sí go suntasach le forbairt, múineadh, measúnú agus riarachán clár reatha fochéime agus iarchéime. Cuirfidh sé/sí go mór le dearadh, forbairt agus bainistíocht clár agus tionscnamh eile i réimse Theagasc na Gaeilge sa todhchaí. Mar bhall d'fhoireann Theagasc na Gaeilge, beidh an té a cheapfar ag obair go dlúth le comhghleacaithe sa Scoil agus sa Dámh chun comhtháthú Theagasc na Gaeilge a chur chun cinn sna cláir léinn i gcoitinne.

Is cuid lárnach den phost í maoirseacht a dhéanamh ar Shocrúcháin Scoile agus na dualgais a ghabhann leo – tacú le mic léinn, meastóireacht a dhéanamh ar chuairteanna scoile, tuairiscí a scríobh agus freastal ar chruinnithe cuí. Mar aon leo sin, beifear ag súil go mbeidh an té a cheapfar páirteach i gcláir theagaisc na hInstitiúide i gcoitinne, faoi stiúir Cheann na Scoile nó lucht bainistíochta na Dáimhe.

Beidh an t-iarrthór rathúil tiomanta don taighde den scoth agus don fhoilsitheoireacht i mór-irisí piarmheasúnaithe idirnáisiúnta, agus le foilsitheoirí leabhar ardchaighdeáin. Cuirfidh sé/sí le léann agus le saol na hOllscoile trí thaighde a dhéanamh a mhéadóidh cáil na hOllscoile mar institiúid teagaisc atá faoi threoir taighde. Cuirfidh sé/sí go suntasach le forbairt chlár taighde Institiúid Oideachais DCU.

Breis eolais:
Tá breis eolais ar Institiúid Oideachais DCU le fáil ag http://www.dcu.ie/institute_of_education/index.shtml.

Scálaí Tuarastail:

Léachtóir os cionn an bhaic: €50,159 - €76,891
Léachtóir faoi bhun an bhaic: €37,352 - €51,724*

*Déanfar ceapachán de réir cáilíochtaí agus taithí, agus déanfar é ar an bpointe cuí den scála tuarastail Léachtóra os cionn an bhaic nó Léachtóra faoi bhun an bhaic ag teacht le Polasaí Pá reatha an Rialtais.

Dáta Deiridh: **24 Meitheamh, 2016.**

Nós Imeachta Iarratais:

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar shuíomh OCBÁC [Current Vacancies (Open Competitions)] ag http://www4.dcu.ie/hr/vacancies/current.shtml agus, freisin, ón Roinn Acmhainní Daonna, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 9. Teil: +353 (0)1 700 5149; Facs: +353 (0)1 700 5500 R-phost: hr.applications@dcu.ie

San iarratas agus ar líne an ábhair sa ríomhphost, sonraigh go soiléir, le do thoil, an post ar a bhfuil tú ag cur isteach: Tagairt an Phoist #346 Léachtóir san Oideachas - Teagasc na Gaeilge.

Níor mhór foirmeacha iarratais a sheoladh ar ríomhphost chuig hr.applications@dcu.ie nó ar Fhacs: +353 (0)1 700 5500 nó tríd an bpost chuig An Roinn Acmhainní Daonna, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 9.

Is fostóir comhdheise í Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

DCU Institute of Education

School of Language, Literacy and Early Childhood

Lecturer in Education (Teagasc na Gaeilge)

(Fixed Term Contract of 3 Years)

Background

St Patrick's College, Drumcondra (SPD), Mater Dei Institute of Education (MDI), Church of Ireland College of Education (CICE) and Dublin City University (DCU) are actively engaged in a formal process which will lead to the incorporation of SPD, MDI and CICE inside DCU and the creation of a single university entity. This process, the DCU Incorporation Programme will give rise to 2 major developments:

1. The DCU Institute of Education (the first Faculty of Education in an Irish university), and
2. An expanded and significantly enhanced Faculty of Humanities and Social Sciences.

The DCU Incorporation Programme will be completed in September 2016, when staff and students of SPD, MDI and CICE will become part of DCU.

Introduction

From September 2016, academic staff from DCU's School of Education Studies, the Education Department at SPD, Mater Dei Institute and Church of Ireland College of Education, form the DCU Institute of Education, Ireland's largest centre of expertise in education, offering degrees that prepare teachers and educators for every level of education from early childhood through primary, post-primary and on to further and higher education.

The School of Language, Literacy and Early Childhood is one of six schools within the DCU Institute of Education. The School is currently seeking a Lecturer to join its Teagasc na Gaeilge team.

From September, the DCU Institute of Education will be based in a €70million state of the art, purpose built facility on DCU St Patrick's Campus, where students will engage with educators who are leaders in their field in an interactive and dynamic environment.

Teaching Programme

The DCU Institute of Education offers degrees that prepare teachers and educators for every level of education from early childhood through primary and secondary and onto further and higher education.

In addition to the core areas of Initial Teacher Education, programmes are offered in early childhood and post compulsory education and training at undergraduate, post-graduate and doctoral levels. There is also a commitment to providing ongoing continuous professional development for individuals working across the education continuum.

Students of the DCU Institute of Education have the opportunity to work closely with internationally recognized experts in teaching and learning in an innovative environment, equipped for 21st century learning.

Lecturer in Education (Teagasc na Gaeilge)

The School of Language, Literacy and Early Childhood is seeking to recruit a Lecturer to work collaboratively as a member of the Teagasc na Gaeilge team.

The responsibilities attached to this position are outlined below. In addition, the person appointed to this position will be expected to contribute to the teaching of other areas of Education (as requested by the Head of School) and to contribute to the wider work of the DCU Institute of Education.

The Successful Candidate

The School requires a candidate who has a strong background in Teagasc na Gaeilge at primary level and should have a minimum of three years relevant teaching experience in a primary context.

Applicants will be expert in Teagasc na Gaeilge and in teaching through Irish in the context of primary education. Applicants will have expertise in Curaclam na Bunscoile (Gaeilge). A high level of fluency in Irish and interest in the teaching of Irish is required. Applicants for the post must hold a post-graduate qualification in Education in areas related to Teagasc na Gaeilge, preferably at doctoral level.

The successful candidate will have expertise in immersion education and in Content and Language Integrated Learning (CLIL). Experience in teacher education is highly desirable. Skills in the use of digital technologies in education would be considered advantageous.

The successful candidate will be expected to contribute significantly to the development, teaching, assessment and administration of existing undergraduate and postgraduate programmes. S/he will make a substantial contribution to the design, development, and management of future programmes and other developments in the field of Teagasc na Gaeilge. As part of the Teagasc na Gaeilge team, the person will also work closely with colleagues in the School and Faculty to promote the integration of Irish across programmes.

School Placement supervision with its attendant duties of supporting and evaluating students on school visits, writing reports, and attending relevant meetings is an integral part of the position. In addition the successful candidate is expected to contribute to tutorials and to the wider teaching of the Institute as required by the Head of School or Faculty management.

The successful candidate will be committed to high-quality research, and publication in leading, international peer-reviewed journals and with high-quality book publishers. They will contribute to the scholarship and intellectual life of the University by conducting research which will enhance its reputation as a research-led teaching institution and which will make a significant contribution to the development of the DCU Institute of Education's research agenda.

Further information:
More information about the DCU Institute of Education can be found at http://www.dcu.ie/institute_of_education/index.shtml.

Salary Scales:

Lecturer Above Bar: *€50,159 - €76,891 per annum

Lecturer Below Bar: *€37,352 - €51,724 per annum

**Appointment will be commensurate with qualifications and experience, and will be made on the appropriate point of the Lecturer Above Bar or Lecturer Below Bar salary scale in line with current Government pay policy*

Closing date: 24 June 2016

Application Procedure:

Application forms are available from the DCU Current Vacancies (Open Competitions) website at http://www4.dcu.ie/hr/vacancies/current.shtml and also from the Human Resources Department, Dublin City University, Dublin 9. Tel: +353 (0)1 700 5149; Fax: +353 (0)1 700 5500 Email: hr.applications@dcu.ie

Please clearly state the role that you are applying for in your application and email subject line: Job Ref: #346 Lecturer in Education – Teagasc na Gaeilge

Applications should be submitted by e-mail to hr.applications@dcu.ie or by Fax: +353 (0)1 700 5500 or by post to the Human Resources Department, Dublin City University, Dublin 9.